2025.M27T

2025L003G1IL

Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission

# Scrúdú na hArdteistiméireachta, 2025

# Matamaitic

## Páipéar 1

## Gnáthleibhéal

Dé hAoine 6 Meitheamh    Tráthnóna 2:00 - 4:30

300 marc

**Scrúduimhir**

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | |

**Dáta Breithe**

| | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | / | | | / | | |

Scríobh 3 Feabhra 2005
mar 03 02 05, mar shampla

**Stampa an Ionaid**

Rinneadh coigeartuithe ar scrúdpháipéir 2025 d'fhonn aon chur isteach ar an bhfoghlaim a tharla de bharr COVID-19 a chúiteamh. D'fhéadfadh sé nach bhfuil an struchtúr agus an leagan amach céanna ar an scrúdpháipéar seo is a bhí ar scrúdpháipéir i mblianta eile roimhe nó ina dhiaidh seo.

Ná scríobh ar an leathanach seo

## Treoracha

Tá **dhá** roinn sa scrúdpháipéar seo.

| | | | |
|---|---|---|---|
| Roinn A | Coincheapa agus Scileanna | 150 marc | 6 cheist |
| Roinn B | Comhthéacsanna agus Feidhmeanna | 150 marc | 4 cheist |

Freagair ceisteanna mar a leanas:

- **cúig** cheist ar bith as Roinn A – Coincheapa agus Scileanna
- **trí** cheist ar bith as Roinn B – Comhthéacsanna agus Feidhmeanna.

Scríobh do Scrúduimhir sa bhosca ar an gclúdach tosaigh.

Scríobh do chuid freagraí le peann gorm nó le peann dubh.
Is féidir leat peann luaidhe a úsáid i gcás graf agus léaráidí amháin.

Déanfar an leabhrán scrúdaithe seo a scanadh agus is ar scáileán a chuirfear do chuid oibre i láthair an scrúdaitheora. Féadfaidh sé nach bhfeicfidh an scrúdaitheoir aon rud a scríobhfaidh tú taobh amuigh de bhoscaí na bhfreagraí.

Scríobh na freagraí go léir sa leabhrán seo. Tá spás le haghaidh obair bhreise i gcúl an leabhráin. Má bhaineann tú úsáid as, lipéadaigh aon obair bhreise go soiléir le huimhir na ceiste agus leis an gcuid den cheist.

Tabharfaidh an feitheoir cóip den leabhrán *Foirmlí agus Táblaí* duit. Caithfidh tú é a thabhairt ar ais ag deireadh an scrúdaithe. Níl cead agat do chóip féin a thabhairt isteach sa scrúdú.

Ní de réir scála a bhíonn léaráidí, de ghnáth.

Caillfidh tú marcanna mura mbíonn obair thacaíochta ábhartha san áireamh agat i do réitigh.

Féadfaidh sé go gcaillfidh tú marcanna mura dtugann tú na haonaid tomhais chuí sna freagraí, de réir mar a oireann.

Féadfaidh sé go gcaillfidh tú marcanna mura dtugann tú na freagraí san fhoirm is simplí, de réir mar a oireann.

Scríobh déanamh agus múnla d’áireamhá(i)n anseo:

## Roinn A — Coincheapa agus Scileanna — 150 marc

Freagair **cúig cheist ar bith** as an roinn seo.

**Ceist 1** **(30 marc)**

**(a)** Tá banc cumhachta agus cábla USB-C á gceannach ag Seán.

**(i)** Costas €30 atá ar bhanc cumhachta amháin **sula** gcuirtear CBL ag 23% leis.
Faigh costas an bhainc cumhachta **tar éis** CBL a chur leis.

**(ii)** Tá Seán chun banc cumhachta difriúil a cheannach ar chostas €26, chomh maith le cábla USB-C a chosnaíonn €9.
Feiceann Seán tairiscint speisialta chun an banc cumhachta agus an cábla USB-C a cheannach le chéile ar €28.

Oibrigh amach céatadán na lascaine sa tairiscint speisialta seo.

**(b)** Tá gnólacht glanta fuinneog ag Máiréad agus Diarmuid.

Is féidir le Máiréad fuinneog chaighdeánach a ghlanadh i 9 nóiméad.
Is féidir le Diarmuid fuinneog chaighdeánach a ghlanadh in 12 nóiméad.

**(i)** Tosaíonn Máiréad agus Diarmuid ag glanadh fuinneoga caighdeánacha ag an am céanna. Críochnaíonn an bheirt acu ag glanadh fuinneoige ag an am céanna.

Tar éis cé mhéad nóiméad a tharlóidh sé seo den **chéad uair**?

**(ii)** Tá 35 fuinneog chaighdeánach i bhfoirgneamh.
Oibrigh amach cé mhéad ama a thógfaidh sé ar Mháiréad agus Diarmuid na 35 fuinneog a ghlanadh má oibríonn siad le chéile.


**Ceist 2** **(30 marc)**

Sa cheist seo, $i^2 = -1$.

**(a)** Is trí uimhir choimpléascacha iad $z_1$, $z_2$ agus $z_3$.

$$z_1 = -1 + 2i \qquad z_2 = 2 + 3i \qquad z_3 = 4 - i$$

**(i)** Taispeántar an uimhir choimpléascach $z_1$ ar an léaráid Argand thíos.
**Breac** agus **lipéadaigh** $z_2$ agus $z_3$ ar an léaráid Argand chéanna.




**(ii)** Oibrigh amach modal $z_1$. Is é sin, faigh $|z_1|$.
Bíodh do fhreagra i bhfoirm surda.

Is uimhir choimpléascach é $z_4$, áit a bhfuil:

$$|z_4| < |z_1|$$

**(iii)** Scríobh síos luach féideartha amháin ar $z_4$.
Bíodh do fhreagra san fhoirm $a + bi$, áit a mbeidh $a, b \in \mathbb{Z}$.

**(b)** Is dhá uimhir choimpléascacha iad $u$ agus $v$.

$$u = 4 - 6i$$
$$v = 1 + i$$

Scríobh $\frac{u}{v}$ san fhoirm $a + bi$, áit a mbeidh $a, b \in \mathbb{Z}$.

**Ceist 3** **(30 marc)**

**(a)** Tá barraí próitéine á gceannach ag Rickie.

Is é €3·30 an costas atá ar bharra próitéine amháin.
Tá an dá thairiscint speisialta seo a leanas ag siopa:

| **Tairiscint A** | **Tairiscint B** |
|---|---|
| 3 bharra ar phraghas 2 bharra | 12 cheann de na barraí céanna ar €29·99 |

Cé acu tairiscint **is saoire** in aghaidh an bharra?
Bain úsáid as áireamh chun tacú le do fhreagra.

An tairiscint is saoire: (Cuir tic (✓) i mbosca **amháin**) Tairiscint A ☐ Tairiscint B ☐

Áireamh:

**(b)** Réitigh an éagothromóid le haghaidh $x \in \mathbb{R}$:

$$2x + 4 \geq 6x - 8$$

**(c)** $k \times t = 12$, áit a bhfuil $k, t \in \mathbb{Z}$.

**(i)** Scríobh síos luach féideartha amháin ar $k$ agus an luach comhfhreagrach ar $t$.

$k =$ 

$t =$

**(ii)** Bain úsáid as do luachanna ar $k$ agus $t$ ó chuid **(c)(i)** chun luach $b$ sa chothromóid thíos a fháil.

$$(x + k)(x + t) = x^2 + bx + 12$$

$b =$

**Ceist 4** **(30 marc)**

**(a)** Réitigh an chothromóid seo a leanas in $a \in \mathbb{R}$:

$$5(a-3) = 2a + 7$$

**(b)** Sainítear an fheidhm $f(x)$ mar $f(x) = x^3 - 3x^2 + 4x - 8$, áit a bhfuil $x \in \mathbb{R}$.


Faigh $f'(x)$, díorthach $f(x)$.
Uaidh sin, faigh fána an tadhlaí le $f(x)$ ag an bpointe $(2, -4)$.

$f'(x) =$

Fána an tadhlaí =

**(c)** Sa léaráid thíos, taispeántar graf feidhme ciúbaí $g(x)$.
Is pointí iad $P$, $Q$, agus $R$ ar ghraf $g$.

**(i)** Scríobh gach ceann de na litreacha $P$, $Q$, agus $R$ san áit cheart sa tábla chun gach pointe a mheaitseáil leis an gcur síos ar an ndíorthach ag an bpointe sin, áit arb é $g'(x)$ díorthach $g(x)$.




| Pointe ($P$, $Q$, nó $R$) | Díorthach |
|---|---|
| | $g'(x) < 0$ |
| | $g'(x) = 0$ |
| | $g'(x) > 0$ |

**(ii)** I gcás an phointe a mheaitseáil tú le $g'(x) = 0$, tabhair cúis le do fhreagra.

Cúis:

**Ceist 5** **(30 marc)**

**(a)** Bain úsáid as an ailgéabar chun na cothromóidí comhuaineacha seo a réiteach:

$$3x + 2y = 11$$
$$x - 4y = -1$$

$x =$ $y =$


**(b)** Réitigh an chothromóid seo a leanas in $x \in \mathbb{R}$:

$$3x^2 - 2x - 4 = 0$$

Bíodh gach freagra ceart go dtí 2 ionad dheachúlacha.

**(c)** Taispeántar graf feidhme **cearnaí** $h(x)$ sa léaráid thíos (**a tarraingíodh de réir scála**).

Tá an graf siméadrach thart ar líne cheartingearach.




**(i)** Bunaithe ar an ngraf, cé acu ceann de na péirí seo a leanas de luachanna ar $x$ atá ina thacar féideartha de fhréamhacha de $h(x)$, is é sin, luachanna ar $x$ a fhágann go bhfuil $h(x) = 0$?

Cuir tic (✓) i mbosca **amháin**.

- ☐ $x = 2$ agus $x = 8$
- ☐ $x = -2$ agus $x = -8$
- ☐ $x = -2$ agus $x = 8$
- ☐ $x = -8$ agus $x = 2$

**(ii)** Faigh an luach ar $x$, a fhágann go bhfuil $h(x)$ ina íosluach.

**Ceist 6** **(30 marc)**

**(a)** Ceannaíonn Tara cóta ar €$90$.
Ansin díolann sí an cóta ar bhrabús $25\%$.

**(i)** Faigh praghas díola an chóta.

**(ii)** Is é corrlach an chóta ná an **brabús** mar **chéatadán** den phraghas **díola**.
Scríobh síos an brabús ar an gcóta seo **agus** uaidh sin faigh an corrlach.

Brabús =

Corrlach =

**(b)** Scríobh gach ceann den dá uimhir seo a leanas san fhoirm $a \times 10^n$,
áit a bhfuil $1 \leq a < 10, n \in \mathbb{Z}$.

$58\,000 =$

$0{\cdot}036 =$

**(c)** Gluaiseann solas ar **luas** de thart ar $3 \times 10^5$ km/soicind.
Tugtar solasbhliain ar an bhfad slí a ghluaiseann solas in 1 bhliain amháin.

Faigh an **fad slí** a ghluaiseann solas in 1 bhliain amháin.
(Glac leis go bhfuil 365 lá i mbliain.)


Bíodh do fhreagra, in km, san fhoirm $a \times 10^n$, áit a mbeidh $1 \leq a < 10, n \in \mathbb{Z}$.

| Roinn B | Comhthéacsanna agus Feidhmeanna | 150 marc |
|---|---|---|

Freagair **trí cheist ar bith** as an roinn seo.

**Ceist 7** **(50 marc)**

Sa léaráid thíos, taispeántar luach scaire amháin le haghaidh Chomhlacht A, ina euro, ar an 1ú lá de gach mí, ón 1 Eanáir go dtí an 1 Iúil.




**(a)** **(i)** Úsáid an graf chun luach scaire amháin ar an 1 Márta a mheas.

**(ii)** Úsáid an graf agus sainaithin an mhí **inar** tháinig an méadú is mó ar luach scaire amháin.

**(b)** Ar an 1 Lúnasa, bhí luach scaire amháin $15\%$ níos ísle ná mar a bhí sé ar an 1 Iúil. Léigh an graf agus déan áireamh chun meastachán chomh beacht agus is féidir a dhéanamh ar luach scaire amháin ar an 1 Lúnasa **agus** uaidh sin breac an pointe sin ar an léaráid ar an leathanach roimhe seo.

Áireamh:

**(c)** Níos déanaí sa bhliain, déanann Liam luach scaire amháin a thuar.
Tá an tuar a dhéanann sé mícheart de $€1{\cdot}50$, rud a chiallaíonn earráid chéatadánach de $16{\cdot}3\%$.

Faigh luach scaire amháin ag an am sin.
Bíodh do fhreagra ceart go dtí an cent is gaire.

*Leantar den cheist seo ar an gcéad leathanach eile.*

**(d)** Is féidir luach scaire amháin le haghaidh Chomhlacht B a shamhaltú de réir na feidhme:


$$P(m) = 2 \times 1{\cdot}29^m$$

áit arb é $P(m)$ luach scaire amháin, ina euro, agus arb é $m$ an t-am, ina mhíonna, ón 1 Eanáir i leith, agus áit a bhfuil $0 \leq m \leq 6, m \in \mathbb{R}$.

**(i)** Críochnaigh an tábla thíos agus taispeáin na luachanna ar $P(m)$ le haghaidh na luachanna ar $m$ a thugtar.
Bíodh gach luach ar $P(m)$ ceart go dtí 2 ionad dheachúlach de réir mar is cuí.

| **Mí** (an 1ú lá de) | **Ean** | **Fea** | **Már** | **Aib** | **Bea** | **Mei** | **Iúil** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| $\boldsymbol{m}$ | 0 | 1 | 2 | 3 | 4 | 5 | 6 |
| $\boldsymbol{P(m)}$ | 2 | | 3·33 | | | | 9·22 |

**(ii)** Taispeántar an graf le haghaidh Chomhlacht A arís thíos.
Ar an léaráid chéanna, **tarraing graf** $P(m)$, le haghaidh $0 \leq m \leq 6, m \in \mathbb{R}$.




**(iii)** Sa tréimhse ama a thaispeántar, níl ach pointe **amháin** ag a mbíonn luach scaire amháin do Chomhlacht A cothrom le luach scaire amháin do Chomhlacht B, de réir na feidhme $P(m)$.
Cén mhí inar tharla sé sin?

**(e)** De réir na samhla, is ar an 1 Iúil a shroicheann luach scaire amháin i gComhlacht B an luach is airde a bhíonn aige agus, uaidh sin ar aghaidh, titeann sé ar ráta líneach seasta de 30 cent in aghaidh na míosa.

Cruthaítear feidhm nua chun an titim sin a shamhaltú, áit arb é $Q(n)$ luach scaire amháin $n$ mí **tar éis** an ama a shroicheann an scair an luach is airde aici ($n \in \mathbb{N}$).

Taispeántar cuid den fheidhm thíos:

$$Q(n) = \boxed{\phantom{0000}} \; -0{\cdot}3n$$

**(i)** Líon isteach an uimhir atá in easnamh sa bhosca thuas chun an slonn le haghaidh $Q(n)$ a chríochnú.

**(ii)** Bain úsáid as do shlonn, nó as slí eile, chun líon na míonna a fháil a thógann sé ar luach scaire amháin i gComhlacht B titim faoi bhun an luacha a bhí aici ar an 1 Eanáir, de réir na samhla. Ná déan dearmad go bhfuil $n \in \mathbb{N}$.

**Ceist 8** **(50 marc)**

Lainseálann comhlacht fón nua.
Braithfidh brabús an chomhlachta gach bliain ar $x$, an líon fón a tháirgeann sé. Is féidir brabús an chomhlachta don chéad bhliain a shamhaltú de réir na feidhme:

$$P(x) = -1{\cdot}5x^2 + 10{\cdot}5x - 4$$

áit arb é $P(x)$ an brabús don chéad bhliain (ina mhilliúin euro) agus arb é $x$ líon na bhfón a tháirgeann sé sa chéad bhliain (ina dheicheanna de mhílte), agus áit a bhfuil $0 \le x \le 7$, $x \in \mathbb{R}$.

**(a)** **(i)** Faigh $P(0)$ **agus** mínigh cad atá i gceist leis i gcomhthéacs na ceiste.


$P(0) =$

Míniú:

**(ii)** Críochnaigh an tábla thíos chun na luachanna ar $P(x)$ a thaispeáint le haghaidh na luachanna ar $x$ a thugtar.

| **Líon na bhfón a táirgeadh,** $x$ (ina dheicheanna de mhílte) | 0 | 1 | 2 | 3 | 4 | 5 | 6 | 7 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Brabús,** $P(x)$ (ina mhilliúin euro) | | 5 | | | | 11 | | |

**(iii)** Tarraing graf $P(x)$ ar na haiseanna thíos, le haghaidh $0 \le x \le 7$, $x \in \mathbb{R}$.



**(iv)** Bain úsáid as do ghraf ar an leathanach roimhe seo chun raon na luachanna ar $x$ a mheas a fhágfaidh go mbeidh brabús de 6 mhilliún euro ar a laghad ag an gcomhlacht. Taispeáin do chuid oibre ar an ngraf.

**(b)** Is féidir brabús an chomhlachta don **dara** bliain a shamhaltú de réir na feidhme:

$$Q(x) = -1{\cdot}5x^2 + 9{\cdot}6x - 3{\cdot}5$$

áit arb é $Q(x)$ an brabús don dara bliain (ina mhilliúin euro) agus arb é $x$ an líon fón a tháirgeann sé (ina dheicheanna de mhílte) sa dara bliain, agus áit a bhfuil $0 \leq x \leq 7$, $x \in \mathbb{R}$.

**(i)** Faigh $Q'(x)$, **agus** uaidh sin faigh an luach ar $x$ a fhágfaidh go mbeidh an luach is airde ar $Q(x)$.

$Q'(x)$:


Luach $x$:

**(ii)** Uaidh sin, faigh an luach is airde ar $Q(x)$.

*Leantar den cheist seo ar an gcéad leathanach eile.*

**(c)** Is féidir an brabús don tríú bliain a shamhaltú leis an bhfeidhm $R(x)$, áit arb é $R(x)$ an brabús don tríú bliain (ina mhilliúin euro) agus arb é $x$ an líon fón a tháirgeann sé (ina dheicheanna de mhílte) sa tríú bliain, áit a bhfuil $x \in \mathbb{R}$.

Taispeántar graf $R(x)$ thíos le haghaidh $0 \leq x \leq 6$, $x \in \mathbb{R}$.




Ag tús an tríú bliain, faigheann an comhlacht €3 mhilliún mar mhaoiniú breise.
Dá bharr sin, is féidir an brabús don tríú bliain a shamhaltú i ndáiríre mar:

$$\text{Brabús} = R(x) + 3$$

**(i)** Ón ngraf, déan meastachán ar $R(2)$ **agus** uaidh sin oibrigh amach luach $R(2) + 3$.

$R(2) =$

$R(2) + 3 =$

**(ii)** Ar an léaráid thuas, tarraing graf de $y = R(x) + 3$ le haghaidh $0 \leq x \leq 6, x \in \mathbb{R}$, ag baint úsáid as na haiseanna agus na scálaí céanna.

**Ceist 9** **(50 marc)**

**(a)** Tá €$4500$ coigilte ag Evan.
Chuir sé an t-airgead sin i gcuntas coigiltis a bhfuil ráta úis iolraithe de $2{\cdot}8\%$ sa bhliain aige.

**(i)** Faigh cé mhéad airgid a bheidh sa chuntas tar éis $1$ bhliain amháin.


**(ii)** Uaidh sin, nó ar shlí eile, faigh cé mhéad airgid a bheidh sa chuntas ag deireadh $3$ bliana agus úsáid á baint agat as an ráta úis iolraithe de $2{\cdot}8\%$ sa bhliain.
Bíodh do fhreagra ceart go dtí an cent is gaire.

*Leantar den cheist seo ar an gcéad leathanach eile.*


**(b)** Tá patrún déanta as poncanna agus mírlínte.
Tá na poncanna scaipthe ar chiorcal agus spás cothrom eatarthu.
Tá mírlíne idir gach péire de phoncanna.
Sa chéad phatrún tá dhá phonc agus mírlíne tarraingthe eatarthu.
I ngach patrún tá ponc amháin níos mó ná mar atá sa phatrún roimhe.

Sa léaráid thíos, taispeántar patrún 1, patrún 2 agus patrún 4 sa seicheamh.

**Patrún 1** **Patrún 2** **Patrún 3** **Patrún 4**



**(i)** Tá na poncanna i bpatrún 3 tarraingthe thíos. Críochnaigh patrún 3.



**(ii)** Críochnaigh an tábla thíos chun líon na bponcanna agus na mírlínte sna chéad chúig phatrún den seicheamh a thaispeáint.
Tá líon na mírlínte i ngach patrún i seicheamh cearnach.

| **Patrún** | 1 | 2 | 3 | 4 | 5 |
|---|---|---|---|---|---|
| **Líon na bponcanna** | 2 | 3 | | | |
| **Líon na mírlínte** | 1 | | | 10 | |

**(iii)** Scríobh síos líon na b**poncanna** sa $1000$ú patrún.

**(iv)** Is é $S_n$ líon **iomlán** na bponcanna atá ag teastáil chun na chéad $n$ patrún a dhéanamh, áit a bhfuil $n \in \mathbb{N}$.
Scríobh $S_n$ i dtéarmaí $n$.

**(v)** Uaidh sin, nó ar shlí eile, faigh líon iomlán na bpatrún críochnaithe sa seicheamh is féidir a dhéanamh ag úsáid $740$ ponc.

**(vi)** Tá an fhoirmle le haghaidh líon na **mírlínte** sa $n$ú téarma san fhoirm:


$$T(n) = 0{\cdot}5n^2 + bn$$

Faigh luach $b$, áit a bhfuil $b \in \mathbb{Q}$.

$b =$

**Ceist 10** **(50 marc)**

**(a)** Déanann monarcha boscaí iata.
Taispeántar sa léaráid thíos faid na sleasa ar cheann amháin de na boscaí.




**(i)** Tarraing léaráid scálaithe d’eangach an bhosca ar an ngreille thíos.
Úsáid an scála $1:10$.
Is é 1 cm an fad atá ar gach cearnóg bheag sa ghreille.

**(ii)** Oibrigh amach achar dhromchla an bhosca seo, ina $cm^2$.

**(iii)** Ceannaíonn úinéir na monarchan meaisín ón tSín chun na boscaí a dhéanamh. Cosnaíonn an meaisín $353\ 819{\cdot}34$ Yuan Síneach, seachadadh san áireamh. Is gá d'úinéir na monarchan dleacht chustam €$1890$ a íoc freisin.

Agus an ráta malairte €$1 = 7{\cdot}61$ Yuan Síneach á úsáid agat, faigh costas **iomlán** an mheaisín, ina euro, agus an dleacht chustam san áireamh.

*Leantar den cheist seo ar an gcéad leathanach eile.*

**(b)** Faigheann Ciara pá €$780$ in aghaidh na seachtaine as $40$ uair an chloig oibre a dhéanamh. Faigheann Ciara ráta pá san uair an chloig as aon uaireanta a oibríonn sí thar na $40$ uair an chloig sin. Tá an ráta sin $50\%$ níos airde ná an ráta san uair an chloig a íoctar le haghaidh na chéad $40$ uair an chloig.

I seachtain áirithe, oibríonn Ciara $40$ uair an chloig mar is gnách, ansin $n$ uair an chloig sa mhullach air sin.
€$1043{\cdot}25$ an pá iomlán a fhaigheann sí.
Oibrigh amach luach $n$.

**(c)** Deisítear éadaí i siopa. Tugtar an táille ar dheisiúchán de réir na foirmle:

$$C = \frac{20h + xh}{d}$$

áit arb é $C$ an táille ar dheisiúchán, ina euro, arb é $h$ líon na n-uaireanta an chloig a thóg sé chun an deisiúchán a dhéanamh, ar táille bhreise san uair an chloig é $x$ atá bunaithe ar leibhéal deacrachta na hoibre, agus ar ráta lascaine é $d$, áit a bhfuil $d \geq 1$.

**(i)** Faigh an táille ar dheisiúchán nuair a thógann sé $3$ uair an chloig chun an deisiúchán a dhéanamh, nuair is é $3{\cdot}5$ an táille bhreise san uair an chloig, $x$, agus nuair is é $1{\cdot}1$ an ráta lascaine, $d$. Bíodh do fhreagra ceart go dtí 2 ionad dheachúlacha.

**(ii)** Faigh luach $x$ nuair is é €76 táille an deisiúcháin, nuair a thógann an deisiúchán $4$ uair an chloig agus is é $1{\cdot}2$ an ráta lascaine.

**(iii)** San fhoirmle le haghaidh $C$ thuas, tá $d \geq 1$. Dá n-athrófaí luach $d$ ionas go mbeadh $d < 1$, cén tionchar a bheadh aige sin ar tháille an deisiúcháin?

Leathanach le haghaidh obair bhreise.
Lipéadaigh aon obair bhreise go soiléir le huimhir na ceiste agus leis an gcuid den cheist.

Leathanach le haghaidh obair bhreise.
Lipéadaigh aon obair bhreise go soiléir le huimhir na ceiste agus leis an gcuid den cheist.

Ná scríobh ar an leathanach seo

**Fógra cóipchirt**
D'fhéadfadh sé go bhfuil téacsanna nó íomhánna sa scrúdpháipéar seo nach é Coimisiún na Scrúduithe Stáit úinéir an chóipchirt orthu, agus d'fhéadfadh sé gur athchóiríodh iad, chun críche an mheasúnaithe, gan cead na n-údar a fháil roimh ré. Ullmhaíodh an scrúdpháipéar seo de réir Alt 53(5) den *Acht um Chóipcheart agus Cearta Gaolmhara, 2000*. Ní údaraítear aon úsáid dá éis chun aon chríche ach amháin chun na críche dá bhfuil sé beartaithe. Ní ghlacann an Coimisiún aon dliteanas as sárú ar bith ar chearta tríú páirtí a eascraíonn as dáileadh ná as úsáid neamhúdaraithe an scrúdpháipéir seo.

Scrúdú na hArdteistiméireachta – Gnáthleibhéal

# Matamaitic Páipéar 1

Dé hAoine 6 Meitheamh

Tráthnóna 2:00 - 4:30